V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11149 — ASAHI KASEI / MITSUI CHEMICALS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 318/06)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui Chemicals Inc. ('Mitsui Chemicals', an tSeapáin),

— Asahi Kasei Corp. ('Asahi Kasei', an tSeapáin),

— Mitsui Chemicals Asahi Life Material Co. Ltd (an JV, an tSeapáin), cuideachta nuachruthaithe.

Gheobhaidh Mitsui Chemicals agus Asahi Kasei rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilnáisiúnta Seapánach é Mitsui Chemicals atá ag gabháil do tháirgí ceimiceacha a tháirgeadh agus a dhíol ar fud an domhain. Forbraíonn agus díolann Mitsui Chemicals raon leathan táirgí speisialtachta le haghaidh raon leathan feidhmeanna, lena n-áirítear sláinteachas, tionscal, ionsú ola, an taobh istigh d'fheithiclí, innealtóireacht shibhialta agus scagairí, i measc nithe eile.

— Is cuideachta cheimiceach ilnáisiúnta Seapánach í Asahi Kasei atá ag gabháil go príomha do tháirgí snáithíneacha, ceimiceáin agus ábhair ghaolmhara leictreonacha a fhorbairt. Oibríonn sé sna hearnálacha ábhair, tithe agus gnó cúraim sláinte.

3. Rachaidh an JV i mbun taighde agus forbartha, monarú, margaíocht, díol agus seirbhís theicniúil fabraicí neamhfhite a dhéantar as próiseas nascála casmhúnlaithe agus as próiseas leáshéidte, córais scagaire neamhfhite agus snáithíní scannán agus cruth. Déanfaidh an chuideachta comhfhiontair na hoibríochtaí a dhéanann Asahi Kasei agus Mitsui Chemicals araon sa tSeapáin agus sa Téalainn chun táirgí neamhfhite a tháirgeadh, a fhorbairt agus a dhíol.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11149 — ASAHI KASEI / MITSUI CHEMICALS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.